



Tuairim an Abhcóide Ghinearálta

Laila Medina

i gCás C-449/25 | Serviciul pentru Imigrări al judeĂului Bihor (Páirtnéireacht shibhialta)

Preaseisiúint Uimh. 129/26

Lucsamburg, 17 Meán Fómhair 2026

An tAbhcóide Ginearálta Medina: ní leor an tsaoirse gluaiseachta amháin a fheidhmiú, gan fíor-áit chónaithe a bhunú i mBallstát eile, chun ceart cónaithe díorthaithe a chruthú faoi dhlí an Aontais do pháirtí saoránaigh den Aontas atá ina náisiúnach tríú tír

Tá diúltú ó Bhallstát ceart cónaithe díorthaithe a dheonú lasmuigh de raon feidhme na bhforálacha saoránachta i ndlí an Aontais i gcás nach raibh an saoránach den Aontas riamh ina chónaí sa Bhallstát inar gcuireadh an t-aontas sibhialta i gcrích, agus i gcás nach bhfuil aon chaidreamh spleáchais ann leis an bpáirtí tríú tír

In 2024, thaistil saoránach Rómánach go dtí an Iodáil le cuspóir amháin: aontas sibhialta a bhunú lena páirtí Briotanach. D'fhill an saoránach Rómánach ar an Rómáin go gairid ina dhiaidh sin. Ag an am, bhí an bheirt acu ina gcónaí sa Rómáin agus san Astráil, faoi seach, agus ní raibh ceachtar acu ina gcónaí san Iodáil. Sé mhí ina dhiaidh sin, in 2025, tháinig a páirtí, an saoránach Briotanach, isteach sa Rómáin le cónaí ann. Thart ar thrí mhí tar éis di teacht, chuir sí isteach ar shíneadh ar a cearta cónaithe shealadaigh sa Rómáin chun críocha athaontú teaghlaigh. Diúltaíodh an t-iarratas sin ar an mbonn nach n-aithnítear i ndlí na Rómáine aontais shibhialta idir daoine den ghnéas céanna agus nár chomhlíon an saoránach Briotanach na coinníollacha a leagtar síos i reachtaíocht na Rómáine lena rialaítear athaontú teaghlaigh ¹. Thug sí dúshlán in aghaidh an chinneadh um fhilleadh os comhair na cúirte a rinne an tarchur, Cúirt Achomhairc Oradea (an Rómáin). D'fhiafraigh an chúirt sin den Chúirt Bhreithiúnais an gcuirtear cosc le hAirteagal 21(1) TFEU ar an Rómáin diúltú ceart cónaithe a dheonú do náisiúnach tríú tír a ndearna an saoránach sin den Aontas aontas shibhialta léi faoin dlí i mBallstát eile nach raibh cónaí ar cheachtar acu ann, ar an mbonn nach n-aithnítear i ndlí na Rómáine páirtnéireachtaí sibhialta idir daoine den ghnéas céanna.

Ina Tuairim a tugadh inniu, molann **an tAbhcóide Ginearálta Laila Medina gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais a dhearbhuí nach dtagann an cás atá i gceist laistigh de raon feidhme na bhforálacha saoránachta sa Chonradh, eadhon Airteagail 20 agus 21(1) de CFAE.**

Maidir le hAirteagal 21(1) CFAE, meabhraíonn an tAbhcóide Ginearálta go dtugann **an fhoráil ceart saorghluaiseachta do shaoránaigh an Aontais** agus go **dtagann aon cheart cónaithe do bhall teaghlaigh tríú tír** as an tsaoirse sin arna feidhmiú. Leagann an tAbhcóide Ginearálta béim freisin ar an bhfíric gurb ionann gnéithe an cháis seo agus cás ina bhfilleann saoránach den Aontas ar Bhallstát a náisiúntachta tar éis cearta saorghluaiseachta a fheidhmiú, agus ina ndéantar iarracht brath ar na cearta sin chun ceart cónaithe a fháil don pháirtí atá ina náisiúnach tríú tír (**cás 'athrú ó bhonn'**). Cé **nach gcumhdaítear le Treoir 2004/38 a leithéid de 'athruithe ó bhonn', ba cheart go mbeadh feidhm, de réir analaí**, ag na coinníollacha chun ceart cónaithe dhíorthaithe a dheonú sa Bhallstát óstach do náisiúnach tríú tír, atá ina bhall teaghlaigh den saoránach den Aontas, i bhfianaise gurb é saoránach an Aontais a d'fheidhmigh an ceart saorghluaiseachta sa dá chás agus gurb é an saoránach sin atá ina urraitheoir don cheart díorthaithe sin.

Chun go n-eascródh ceart cónaithe dhíorthaithe faoi dhlí an Aontais i gcás 'athrú ó bhonn', ní mór dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh. Ar an gcéad dul síos, caithfidh saoránach an Aontais a bheith ina chónaí go dlisteanach i

mBallstát eile i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 7 nó 16 de Threoir 2004/38. Ar an dara dul síos, caithfidh go raibh saol teaghlaigh cruthaithe nó neartaithe le linn an chónaithe dlisteanach sin.

Sa chás seo, ós rud é nár bhunaigh an saoránach Rómánach cónaí dlisteanach san Iodáil – an Ballstát inar cuireadh an t-aontas sibhialta i gcrích leis an saoránach Briotanach – agus gur thaistil sí go dtí an Iodáil le cuspóir amháin: aontas sibhialta a bhunú, agus gur fhill sí ar an Rómáin láithreach ina dhiaidh sin, **ní chomhlíontar an ceanglas maidir le ‘cónaí dlisteanach’ faoi Airteagail 7 agus 16 de Threoir 2004/38.**

Ina theannta sin, **níor cruthaíodh aon saol teaghlaigh ná níor neartaíodh aon saol teaghlaigh san Iodáil** de réir na brí a mbunaítear in O. agus B. ². Tráth a chuaigh sí isteach san aontas sibhialta, bhí an saoránach Rómánach ina cónaí sa Rómáin agus bhí a páirtí ina cónaí san Astráil, agus tháinig an páirtí go dtí an Rómáin timpeall sé mhí níos déanaí. Dá bhrí sin, ní raibh aon saol teaghlaigh roinnte san Iodáil tráth ar bith. Dá bhrí sin, **ní chomhlíontar an dara coinníoll carnachach an oiread**. Cé gur gníomh dlíthiúil suntasach é aontas sibhialta a chur i gcrích, níl sé mar an gcéanna le maireachtáil mar theaghlach sa Bhallstát óstach.

Maidir le hAirteagal 20 de CFAE, tugann an tAbhcóide Ginearálta faoi deara **nach bhfuil aon chaidreamh spleáchais ann a aithnítear i gcásdlí na Cúirte idir an saoránach Rómánach agus a páirtí**. Ní shásaítear sa chás seo an tairseach a leagadh síos sa chásdlí ³, lena n-éilítear go gcuirfeadh diúltú cónaithe iachall ar shaoránach an Aontais críoch an Aontais ina hiomláine a fhágáil.

Tagann an tAbhcóide Ginearálta ar an gconclúid dá réir **nach bhfuil feidhm ag an gCairt um Chearta Bunúsacha sa chás seo**, toisc go bhfuil an cás lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais; dá réir sin, ní mór aon chosaint ar cheart an iarratasóra chun saol an teaghlaigh a lorg faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Dá bhrí sin, molann an tAbhcóide Ginearálta gur cheart don Chúirt a thabhairt mar fhreagra go bhfuil Airteagail 20 agus 21(1) de CFAE, arna léamh i gcomhar le Treoir 2004/38 arna cur i bhfeidhm de réir analaí, a léiriú sa chaoi nach gcuireann sé cosc ar údarais an Bhallstáit náisiúnaigh de shaoránach an Aontais diúltú ceart cónaithe ar chríoch an Bhallstáit sin a dheonú do náisiúnach tríú tír ar chuir an saoránach sin den Aontas aontas sibhialta i gcrích leis faoi dhlí Ballstáit eile, ar an mbonn nach n-aithnítear aontais sibhialta idir daoine den ghnéas céanna ag an mBallstát náisiúntachta.

Le bheith iomlán, sa chás go gcinneadh an Chúirt go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais, leagann an tAbhcóide Ghinearálta amach anailís mhalartach. Sa chás sin, dhealródh sé nach mbeadh forálacha na Rómáine lena n-éilítear cruthúnas ar chónaí roimhe seo i mBallstát eile, lena leagtar síos an ceanglas go mbeadh leanbh coiteann ann, agus lena ndiúltaítear go hiomlán d'aithint páirtneireachtaí sibhialta eachtracha idir daoine den ghnéas céanna, de réir dhlí an Aontais.

NÓTA: Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta, ar bhealach go hiomlán neamhspleách, réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt Bhreithiúnais ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Faoi láthair, tá Breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús leis an bplé ar an gcás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun déileáil le hiarrataí ar réamhrialú a thagann go heisiach faoi na hábhair seo a leanas (1) an comhchóras cánach breisluacha (CBL), (2) dleachtanna máil, (3) an Cód Custaim, (4) rangú taraife earraí faoin Ainmníocht Chomhcheangailte, (5) cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil nó moill nó cealú seirbhísí iompair, nó (6) an córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh déileáil le gach iarraidh eile ar réamhrialú.

Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais ná an Chúirt Ghinearálta an díospóid náisiúnta féin. Is ar an gcúirt nó an mbinse náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir leis an rialú ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta, a bhfuil an éifeacht cheangailteach chéanna aige ar chúirteanna nó binsí náisiúnta eile os a gcomhair a ardaítear ceist chosúil.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tagraíonn na firicí agus an dlí lena mbaineann don tréimhse ábhartha agus tá sé bunaithe ar chomhad an cháis.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den éisteacht inar tugadh an Tuairimí ar fáil ar '[Curia Web TV](#)' agus ar '[European Broadcasting Service](#)' ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Airteagail 83(1) agus 88(1) agus (3)(b) d'Ordú Éigeandála Rialtais Uimh. 194/2002.

² Breithiúnas an 12 Márta 2014, *O. agus B.*, [C-456/12 agus C-457/12](#) (féach freisin Preasráiteas [Uimh. 32/14](#)).

³ Féach, mar shampla, breithiúnas an 8 Márta 2011, *Ruiz Zambrano*, [C-34/09](#) (féach freisin Preasráiteas [Uimh. 16/11](#)).